**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2034 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9 Deireadh Fómhair 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA'**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Meán Fómhair 2024, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais, faoi uimhir EU-0032009-0000, do Diversey Europe Operations B.V. chun an táirge bithicídeach singil 'ClearKlens wipes based on IPA' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil sin.

(2) An 24 Márta 2025 chuir Diversey Europe Operations B.V. fógra faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), maidir le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA', dá dtagraítear i dTeideal 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Rinneadh taifead den fhógra faoi chás-uimhir BC-KA104994-50 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár'). Baineann na hathruithe atá beartaithe ar an údarú sin ar tugadh fógra ina leith le hathrú ar sheoladh shealbhóir an údaraithe agus le hathrú ar sheoladh ceann de mhonaróirí an táirge bhithicídigh.

(3) An 11 Aibreán 2025, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra ina leith ar an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA'. Sa tuairim uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta maidir leis na hathruithe atá beartaithe gur athruithe riaracháin iad dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1 agus Roinn 2, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a bheith curtha chun feidhme.

(4) An 11 Aibreán 2025 sheol an Ghníomhaireacht achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA' chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais lena gcumhdaítear na hathruithe riaracháin uile ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil ClearKlens wipes based on IPA i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2024/2189, 4.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2189/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) Tuairim ó ECHA UAD-C-1816018-33-00/F an 11 Aibreán 2025 maidir le hathruithe riaracháin ar údarú Aontais an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA', https://echa.europa.eu/documents/10162/95571017/ua_adc_echa-opinion_bc_ka104994-50_en.pdf/2fbd4613-be26-677d-bd13-126bc0f613f5?t=1744701310955.

(5) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'ClearKlens wipes based on IPA' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Diversey Europe Operations B.V. a thabhairt isteach.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe a bhaineann leis na hathruithe riaracháin, fágtar gach faisnéis eile atá san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'ClearKlens wipes based on IPA', mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189, gan athrú.

(7) Chun an tsoiléireacht a fheabhsú agus chun go mbeidh rochtain níos éasca ag úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa Chlár i mí Feabhra 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a áireamh san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2189.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach**

ClearKlens wipes based on IPA

**Cineál nó cineálacha táirge**

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

**Uimhir an údaraithe:** EU-0032009-0000

**Uimhir sócmhainne R4BP:** EU-0032009-0000

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

## 1.1. Trádainm/trádainmneacha an táirge

| | |
|---|---|
| Trádainm/trádainmneacha | ClearKlens IPA 70% non sterile WW<br>ClearKlens IPA 70% v/v wipes<br>ClearKlens IPA 70% wipes<br>ClearKlens IPA 70% wipes non sterile<br>ClearKlens IPA 70% wipes non sterile VH1<br>ClearKlens IPA 70% wipes VH1<br>ClearKlens IPA 70% WW<br>ClearKlens IPA 70% WW VH1<br>ClearKlens IPA 70% non sterile wipes<br>ClearKlens IPA 70% non sterile wipes VH1<br>ClearKlens IPA wipe<br>ClearKlens IPA Wipes<br>ClearKlens IPA WW<br>Divodes IPA WW<br>IPA 70% v/v WW<br>IPA 70% wipes<br>IPA 70% WW<br>IPA 70% WW VH1<br>IPA wipes<br>IPA WW<br>Divodes IPA Wipes<br>Soft Care IPA Desinfection Wipes<br>TASKI Sprint IPA Wipes<br>TASKI Sani IPA Wipes<br>TASKI Jontec IPA Wipes<br>TechniSat® DES<br>TexVantage™ DES<br>PolySat® DES<br>AlphaSat™ DES<br>ThermaSat DES<br>TechniScrub™ DES<br>HoneyComb® DES<br>AlphaSat™ 10 DES<br>ClearKlens IPA 70% v/v WW<br>Suma IPA Wipes<br>Vectra Honeycomb 10<br>TechniSat DCO<br>TechniSat MDC<br>TexVantage DCO<br>TexVantage MDC<br>PolySat DCO<br>PolySat MDC<br>AlphaSat DCO |

| | |
|---|---|
| | AlphaSat MDC<br>ThermaSat DCO<br>ThermaSat MDC<br>TechniScrub DCO<br>TechniScrub MDC<br>HoneyComb DCO<br>HoneyComb MDC<br>AlphaSat 10 DCO<br>AlphaSat 10 MDC |

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe | Ainm | Diversey Europe Operations B.V. |
| | Seoladh | De Corridor 4 (Regulatory team) 3621 ZB Breukelen NL |
| Uimhir an údaraithe | | EU-0032009-0000 |
| *Uimhir sócmhainne R4BP* | | EU-0032009-0000 |
| Dáta an údaraithe | | 24.9.2024 |
| Dáta éaga an údaraithe | | 31.8.2034 |

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Diversey Europe Operations B.V. |
| Seoladh an mhonaróra | De Corridor 4 (Regulatory team) 3621 ZB Breukelen An Ísiltír |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Diversey Europe Operations B.V. site 1 Avenida Conde Duque 5, 7 y 9 ; Poligono Industrial La Postura 28343 Valdemoro (Madrid) An Spáinn<br><br>Diversey Europe Operations B.V. site 2 Strada Statale 235 26010 Bagnolo Cremasco (CR) An Iodáil<br><br>Diversey Europe Operations B.V. site 3 Cotes Park Industrial Estate DE55 4PA Somercotes Alfreton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br><br>Diversey Europe Operations B.V. site 4 Rembrandtlaan 414 7545 ZW Enschede An Ísiltír<br><br>Diversey Europe Operations B.V. site 5 Morschheimer Strasse 12 D-67292 Kirchheimbolanden An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Flexible Medical Packaging Ltd |
| Seoladh an mhonaróra | Unit 8, Hightown, White Cross Industrial Estate LA1 4XS Lancanter, Lancashire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Flexible Medical Packaging Ltd site 1 Unit 8, Hightown, White Cross Industrial Estate LA1 4XS Lancanter, Lancashire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Ardepharm |
| Seoladh an mhonaróra | Les Iles Ferays 07300 Tournon-sur-Rhône An Fhrainc |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Ardepharm site 1 Les Iles Ferays 07300 Tournon-sur-Rhône An Fhrainc |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Entegris Cleaning Process (ECP) S.A.S |
| Seoladh an mhonaróra | 395 rue Louis Lépine 34000 Montpellier An Fhrainc |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Entegris Cleaning Process (ECP) S.A.S site 1 395 rue Louis Lépine 34000 Montpellier An Fhrainc |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | Pluswipes Ltd |
| Seoladh an mhonaróra | Pywell Rd, Willowbrook East Industrial Estate NN17 5XJ Corby Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Pluswipes Ltd site 1 Pywell Rd, Willowbrook East Industrial Estate NN17 5XJ Corby Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | ITW Contamination Control BV |
| Seoladh an mhonaróra | Saffierlaan 5 2132 VZ Hoofddorp An Ísiltír |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | ITW Contamination Control BV site 1 Saffierlaan 5 2132 VZ Hoofddorp An Ísiltír |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | ITW Texwipe |
| Seoladh an mhonaróra | 1210 South Park Drive 27284 North Caroline Kernersville Na Stáit Aontaithe |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | ITW Texwipe site 1 1210 South Park Drive 27284 North Caroline Kernersville Na Stáit Aontaithe |

| | |
|---|---|
| Ainm an mhonaróra | ITW Contamination Control (Wujiang) Co., LTD |
| Seoladh an mhonaróra | No. 4660 Pangjin Road Wujiang Economic & Technological Development Zone Suzhou, Jiangsu province 215021 Suzhou An tSín |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | ITW Contamination Control (Wujiang) Co., LTD site 1 No. 4660 Pangjin Road Wujiang Economic & Technological Development Zone Suzhou, Jiangsu province 215021 Suzhou An tSín |

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Propan-2-ol |
| Ainm an mhonaróra | INEOS Solvents Germany GmbH |
| Seoladh an mhonaróra | Anckelmannplatz D-20537 Hamburg An Ghearmáin |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | INEOS Solvents Germany GmbH site 1 Shamrockstrasse 88 D-44623 Herne An Ghearmáin INEOS Solvents Germany GmbH site 2 Römerstrasse 733 D-47443 Moers An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Propan-2-ol |
| Ainm an mhonaróra | Shell Chemicals Europe B.V. |
| Seoladh an mhonaróra | Postbus 2334 3000 CH Rotterdam An Ísiltír |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Shell Chemicals Europe B.V. site 1 Vondelingenweg 601 3196 KK Rotterdam-Pernis An Ísiltír |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Propan-2-ol |
| Ainm an mhonaróra | Exxon Mobil Chemicals |
| Seoladh an mhonaróra | Hermeslaan 2 1831 Machelen An Bheilg |

| | |
|---|---|
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Exxon Mobil Chemicals site 1 4045 Scenic Hailway LA 70805 Baton Rouge Na Stáit Aontaithe<br>Exxon Mobil Chemicals site 2 Southampton SO45 1TX Hampshire Na Stáit Aontaithe |

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Propan-2-ol |
| Ainm an mhonaróra | Novapex |
| Seoladh an mhonaróra | 21 Chemin de la Sauvegarde 21 Écully Park CS 33167 69134 Écully An Fhrainc |
| Suíomh na láithreán monaraíochta | Novapex site 1 Rue Gaston Monmousseau 38556 Saint Maurice l'Exil An Fhrainc |

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Propan-2-ol | | Substaint ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 63,1 % (w/w) |

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

XX - ceirtíní réamhsháithithe

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

| | |
|---|---|
| Ráitis ghuaise | H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte.<br><br>H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.<br><br>H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán.<br><br>EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh. |
| Ráitis réamhchúraim | P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac.<br><br>P261: Seachain gala a análú.<br><br>P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin.<br><br>P280: Caith cosaint súile/cosaint aghaidhe..<br><br>P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. |

| | |
|---|---|
| | P312: Cuir glao ar IONAD NIMHIÚCHÁIN má bhraitheann tú tinn.<br><br>P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.<br><br>P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle.<br><br>P403+P235: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád fionnuar é.<br><br>P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta.<br><br>P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe.<br><br>P501: Diúscair ábhar i de réir rialacháin áitiúla..<br><br>P405: Stóráil faoi ghlas. |

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

## 4.1. Tuairisc úsáide

*Tábla 1*

**Bain úsáid as #1 PT02: Díghalrán dromchla crua - gairmithe - cuimilt**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>Ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid chun dromchlaí crua neamhphórúla a glanadh roimh ré a dhíghalrú i saotharlanna, seomraí glantacháin agus saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta agus cosmaidí. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Cuimilt ag baint úsáid as ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |

| | |
|---|---|
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide:<br>Bain úsáid as X in aghaidh gach 0,5 $m^2$. I gcás gurb é X<br>1 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 20-46 cm × 38-68 cm<br>2 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 15-31 cm × 20-31 cm<br>3 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 15 cm × 15 cm<br>4 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 10 cm × 10 cm<br>Réidh le húsáid<br><br>Airí uainithe:<br>Úsáid de réir na bprótacal díghalraithe suas le 20 uair in aghaidh an lae<br>Am teagmhála: fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | tionsclaíoch<br>gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | Pacáistiú:<br>Mála sleamhnáin de Theireataláit pholaitiléine (PET)/ Poleitiléin ísealdlúis (LDPE)/ poileitiléin arddlúis (HDPE) le sraith bhacainne COEX<br>Mála Flexpack PET/LDPE/ HDPE le sraith bhacainne COEX<br>Buicéad - HDPE<br>Tobán - HDPE<br>Is féidir idir 5 agus 500 ceirtín a bheith i ngach pacáiste, is féidir suas le 1000 ceirtín a bheith sa bhuicéad (HDPE).<br>Ceirtíní:<br>100 % Poileistir<br>100 % Polapróipiléin<br>50/50 % Poileistir/Ceallalós nó<br>45/55 % Poileistir/Ceallalós |

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus sruthlaigh an dromchla go maith. Bain uisce iomarcach ón dromchla sula ndéanfar é a dhíghalrú. Fill an ceirtín ina cheithre chuid san aer. Glan i dtreo amháin le cuimiltí forluiteacha. Fliuch an dromchla go hiomlán. Fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé.

Ná húsáid ach ceirtíní fliucha. Dún an pacáiste tar éis é a úsáid.

Diúscair ceirtíní úsáidte díreach tar éis iad a úsaid i gcoimeádán dúnta.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.2. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 2*

**Bain úsáid as #2 PT02: Díghalrán dromchla crua - gairmithe - mapáil**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>Ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid chun dromchlaí crua neamhphórúla a glanadh roimh ré a dhíghalrú i seomraí glantacháin agus saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta agus cosmaidí. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: mapáil trí úsáid a bhaint as ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide:<br>Bain úsáid as X in aghaidh gach 1 $m^2$. I gcás gurb é X<br>1 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 25-38 cm × 38-68 cm;<br>2 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 20-46 cm × 31-46 cm;<br>3 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 15-23 cm × 20-28 cm;<br>Réidh le húsáid<br><br>Airí uainithe:<br>Úsáid de réir na bprótacal díghalraithe suas le 2 uair in aghaidh an lae<br>Am teagmhála: fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | tionsclaíoch<br>gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | Pacáistiú:<br>Mála sleamhnáin de Theireataláit pholaitiléine (PET)/ Poleitiléin ísealdlúis (LDPE)/ poileitiléin arddlúis (HDPE) le sraith bhacainne COEX<br>Mála Flexpack PET/LDPE/ HDPE le sraith bhacainne COEX<br>Buicéad - HDPE<br>Tobán - HDPE<br>Is féidir idir 5 agus 500 ceirtín a bheith i ngach pacáiste, is féidir suas le 1 000 ceirtín a bheith sa bhuicéad (HDPE).<br>Ceirtíní:<br>100 % Poileistir<br>100 % Polapróipiléin<br>50/50 % Poileistir/Ceallalós nó<br>45/55 % Poileistir/Ceallalós |

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus sruthlaigh an dromchla go maith. Bain uisce iomarcach ón dromchla sula ndéanfar é a dhíghalrú. Ceangail an ceirtín leis an uirlis mhapála. Glan go hiomlán le cuimiltí forluiteacha. Fliuch an dromchla go hiomlán. Fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé.

Ná húsáid ach ceirtíní fliucha.

Dún an pacáiste tar éis é a úsáid.

Diúscair ceirtíní úsáidte díreach tar éis iad a úsaid i gcoimeádán dúnta.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.3. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 3*

**Bain úsáid as #3 PT02: Díghalrán dromchla crua - gairmithe - cuimilt (trealamh agus dromchlaí beaga)**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe |
| I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | úsáid laistigh<br><br>Ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid chun trealamh agus dromchlaí beaga neamhpórúla a dhíghalrú i saoráidí (lena n-áirítear in ospidéil, i dtithe altranais agus i gcleachtais liachta) |

| | |
|---|---|
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Cuimilt ag baint úsáid as ceirtíní réamhsháithithe réidh le húsáid<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Ráta úsáide:<br>Bain úsáid as X in aghaidh gach 0,5 m². I gcás gurb é X<br>1 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 20-46 cm × 38-68 cm<br>2 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 15-31 cm × 20-31 cm<br>3 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 15 cm × 15 cm<br>4 cheirtín; do cheirtíní de mhéid 10 cm × 10 cm<br>Réidh le húsáid<br><br>Airí uainithe:<br>Úsáid de réir na bprótacal díghalraithe suas le 20 uair in aghaidh an lae<br>Am teagmhála: fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | tionsclaíoch<br>gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | Pacáistiú:<br>Mála sleamhnáin de Theireataláit pholaitiléine (PET)/ Poleitiléin ísealdlúis (LDPE)/ poileitiléin arddlúis (HDPE) le sraith bhacainne COEX<br>Mála Flexpack PET/LDPE/ HDPE le sraith bhacainne COEX<br>Buicéad - HDPE<br>Tobán - HDPE<br>Is féidir idir 5 agus 500 ceirtín a bheith i ngach pacáiste, is féidir suas le 1 000 ceirtín a bheith sa bhuicéad (HDPE).<br>Ceirtíní:<br>100 % Poileistir<br>100 % Polapróipiléin<br>50/50 % Poileistir/Ceallalós nó<br>45/55 % Poileistir/Ceallalós |

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus sruthlaigh an dromchla go maith. Bain uisce iomarcach ón dromchla sula ndéanfar é a dhíghalrú. Fill an ceirtín ina cheithre chuid san aer agus glan i dtreo amháin le cuimiltí forluiteacha. Fliuch an dromchla go hiomlán.

Fág ar feadh 5 nóiméad ar a laghad chun go n-oibreoidh sé.

Ná húsáid ach ceirtíní fliucha. Dún an pacáiste tar éis é a úsáid.

Diúscair ceirtíní úsáidte díreach tar éis iad a úsaid i gcoimeádán dúnta.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

Coinnigh leanaí amach ó dhromchlaí cóireáilte go dtí go mbeidh siad tirim.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta maidir le húsáid.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach treoracha um úsáid shonrach le haghaidh úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ní fhéadfar an táirge a úsáid ach amháin i seomra dea-aeráilteIs iad seo a leanas na híosrátaí athraithe aeir atá ag teastáil:

— 8/u i saotharlanna

— 60/h i saoráidí déantúsaíochta cógaisíochta agus cosmaidí

— 20/u i seomraí glantacháin

— 1,5/u in áiteanna eile (lena n-áirítear ospidéil, tithe altranais agus cleachtais liachta)

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin comhsheasmhach leis an gCaighdeán Eorpach EN374 nó a chomhionann le linn chéim láimhsithe an táirge (ní mór do shealbhóir an údarúcháin ábhar na lámhainní a shonrú laistigh den fhaisnéis faoin táirge).

Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair. Féach roinn 6 chun na tagairtí iomlána a fháil.

Seachain teagmháil leis na súile.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Ionanálú: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán.

Teagmháil leis an tsúil: Cruthaíonn sé dianghreannú don tsúil.

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Bog go haer úr agus fan ar do shuaimhneas i riocht compordach le haghaidh análaithe. Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/ar dhoctúir

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid. Nigh an craiceann le huisce.I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

MÁ THÉANN SÉ ISTEACH SNA SÚILE: Sruthlaigh le huisce.Bain tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta iad a bhaint. Lean den sruthlú ar feadh 5 nóiméad ar a laghad. Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE/ar dhoctúir

***Réamhchúraimí maidir leis an gcomhshaol***

Níor chóir é a scaoileadh ar an talamh, i sruthchúrsaí, i bpíopaí ná i séaraigh. Ná lig isteach sa chóras draenála é. Modhanna agus ábhar maidir le srianadh agus glanadh. Ionsúigh le hábhar táthaithe leachta (gaineamh, diatóimít, ceanglóir uilíoch, min sáibh).

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór an táirge agus a choimeádán a dhiúscairt ar bhealach sábháilte i gcomhréir le haon reachtaíocht ábhartha maidir le diúscairt dramhaíola guaisí. Déan diúscairt nó loscadh de réir na reachtaíochta agus na gceanglas áitiúil.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.

### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Seilfré: 2 bhliain.

Coinnigh sa phacáistiú bunaidh amháin é.

Stóráil ar shiúl ó sholas díreach na gréine agus faoi bhun 40 °C.

Stóráil i gcoimeádán dúnta.

## Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Is é 70 % v/v tiúchan na substainte gníomhaí i dtéarmaí toirtchodáin.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na dtagairtí i roinn 5.2 'Bearta maolaithe riosca': EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceáin agus miocrorgánaigh chontúirteacha.

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 05.05.1998, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/oj).